**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000092/2018**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Eva Kaili**
thar ceann An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Ábhar: Teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte agus blocshlabhraí: muinín a chothú le dí-idirmheánú

Ní hamháin go bhfuil móracmhainn léirithe ag teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte (DLTanna) agus blocshlabhraí maidir le luachshlabhraí atá ann cheana a fheabhsú, ach freisin, cruthaíonn siad luachshlabhraí nua a laghdaíonn costais idirmheánaithe agus imreas trasghníomhaíochta, agus a réitíonn saincheisteanna muiníne, fadhbanna faireacháin agus cúiseanna imní maidir le trédhearcacht.

Tá feidhmeanna na mblocshlabhraí iomadúil agus cuimsíonn siad réimse leathan earnálacha. I measc na réimsí féideartha sin, tá eangacha fuinnimh, cúram sláinte, an earnáil airgeadais, slabhraí soláthair, iompar, oideachas, na tionscail chruthaitheacha agus an earnáil phoiblí.

Chun acmhainn DLTanna a thuiscint go hiomlán de réir mheon na neodrachta i múnlaí teicneolaíochta agus gnó, ní mór dúinn a bpríomhghnéithe bunúsacha a thuiscint níos fearr, amhail bunachair sonraí dháilte dhíláraithe, dí-idirmheánú, do-athraitheacht sonraí, agus feidhmchláir le cead agus gan chead, mar aon leis na féidearthachtaí teicneolaíocha a thairgeann siad i réimsí amhail conarthaí cliste agus maoiniú do FBManna trí thairiscintí monaí tosaigh (ICOanna). É sin ráite, eascraíonn ábhair imní as DLTanna freisin – agus tá an mhianach iontu ábhair imní a chruthú – maidir le cosaint sonraí, cibearshlándáil, idir-inoibritheacht, foinsí nua calaoise agus saincheisteanna comhshaoil.

1. Cad atá beartaithe ag an gCoimisiún chun timpeallacht de chinnteacht dhlíthiúil a sholáthar a bhfuil gá léi chun DLTanna agus blocshlabhraí a spreagadh san Eoraip?

2. Cad iad na tionscnaimh a dtabharfaidh an Coimisiún fúthu chun éiceachóras de bhlocshlabhraí iomaíocha a chruthú san Aontas?

Curtha síos: 31.8.2018
Curtha ar aghaidh: 4.9.2018
Spriocam le haghaidh freagra: 11.9.2018